An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth



# Suirbhé Bunscoile Paca Comhpháirtí

gov.ie/suirbhébunscoile



# Céard a bhfuil i gceist leis an suirbhé seo?

Tá suirbhé tábhachtach á reáchtáil ag an Roinn Oideachais chun tuiscint a fháil ar roghanna maidir le todhchaí bunscoileanna in Éirinn.

Bheimis buíoch as do chuid tacaíochta maidir le do phobal scoile a spreagadh – lena n-áirítear tuismitheoirí, caomhnóirí, baill foirne, agus comhaltaí an bhoird bainistíochta – chun páirt a ghlacadh ann.

Déanann scoileanna freastal ar mhórán pobal éagsúil, agus lorgaíonn na suirbhé rúnda aiseolas ar na príomhghnéithe a bhaineann le rogha scoile amach anseo, lena n-áirítear:

- An scoileanna aon ghnéis nó scoileanna comhoideachais a bheidh ann
- An mbeidh scoileanna a feidhmiú faoi phátrún sainchreidmheach (reiligiúnach) nó faoi phátrún il-sainchreidmheach (neamhreiligiúnach)
- An mbeidh scoileanna ag teagasc go príomha trí Bhéarla nó trí Ghaeilge).

Cabhróidh torthaí an tsuirbhé seo leis an roinn pleanáil a dhéanamh maidir leis an mbealach a ndéanaimid oideachas a sholáthar ag leibhéal na bunscoile. Chomh maith leis sin, cuirfidh na torthaí ar chumas gach scoile, i gcomhar lena pobal scoile, breithniú a dhéanamh ar a bhfuil le déanamh acu chun freastal ar éileamh tuismitheoirí amach anseo.

# Léirigh do thuairim

Tugann an roinn cuireadh do na grúpaí seo a leanas an suirbhé a chomhlánú:

## Luathbhlianta

Tuismitheoirí/caomhnóirí leanaí sna luathbhlianta a bheidh ar freastal ar an mbunscoil - idir 0-5 bliana d’aois.

## Bunscoil

Tuismitheoirí/caomhnóirí leanaí atá ag freastal ar an mbunscoil faoi láthair.

# Conas is féidir leat cabhrú?

## Is mór againn do chúnamh le clúdach agus tionchar an fheachtais seo.

Tabhair tacaíocht don fheachtas seo #primaryschoolsurvey agus chuige sin roinn teachtaireachtaí le do lucht leanúna ar líne nuair a bheidh an suirbhé beo ar an 4 Samhain, agus dúnfar é ar an 16 Nollaig.

Féadfaidh tú athphostáil a dhéanamh ó bhealaí meán sóisialta na roinne:

X @Education_Ire

Instagram @Education_Ire

LinkedIn Department of Education – Ireland

Le tacaíocht uaitse, is féidir linn níos mó daoine ná riamh a spreagadh le bheith páirteach agus a dtuairimí a léiriú.



# Postálacha a mholtar

📣 Tá an Suirbhé Bunscoile oscailte anois

Is do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí leanaí atá sa bhunscoil nó a bheidh ag dul isteach sa bhunscoil sna blianta seo amach romhainn an suirbhé seo.

Tá sé tapa, éasca agus rúnda.

👉 gov.ie/suirbhébunscoile

#Primaryschoolsurvey

📣A Thuismitheoirí - Léirígí Bhur dTuairimí!

Glac páirt sa Suirbhé Bunscoile inniu.

Tá sé tapa, éasca agus rúnda. Ná caill do dheis - dúnfar an suirbhé ar an 16 Nollaig.

👉 gov.ie/suirbhébunscoile

#Primaryschoolsurvey

📣 A Thuismitheoirí - An bhfuil do leanbh idir 0-5 bliana d'aois?

Táimid ag iarraidh cloisteáil uait - comhlánaigh an Suirbhé Bunscoile inniu.

Tá sé tapa, éasca agus rúnda.

👉 gov.ie/suirbhébunscoile

#Primaryschoolsurvey

# Acmhainní Breise



## Athchumrú scoile

gov.ie/AthchumrúScoileanna

## Comhoideachas i scoileanna

gov.ie/schoolcoeducation

## Trí Ghaeilge

gov.ie/irishmedium

# Déan teagmháil linn



Go raibh maith agat as páirt a ghlacadh san fheachtas seo.

Chun eolas a fháil faoin bhfeachtas nó ceisteanna a chur faoi acmhainní.

Seol ríomhphost chuig: communications@education.gov.ie